Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2017
(OR. fr)**

**14094/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0226 (COD)**

**CODEC 1764
EF 268
ECOFIN 918
SURE 47**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dreácht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, Rialachán (CE) 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 1 Deireadh Fómhair 2015, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 20 Eanáir 2016[2].

3. An 26 Deireadh Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 12601/15.
[2] IO C 82, 3.3.2016, lch 1.
[3] 13577/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 39/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre cheann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.